2024/3199

31.12.2024

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/3199 ÓN gCOIMISIÚN

## an 15 Deireadh Fómhair 2024

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lotnaidicídí agus ceimiceáin thionsclaíocha a liostú

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(4), pointí (a), (b), agus (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, cuirtear i bhfeidhm Coinbhinsiún Rotterdam maidir leis an Nós Imeachta um Thoiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin Ghuaiseacha agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta ([2]) ('Coinbhinsiún Rotterdam').

(2) Le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2023/149 ([3]), (AE) 2023/2657 ([4]), (AE) 2023/2456 ([5]), (AE) 2024/1207 ([6]), (AE) 2023/1436 ([7]), (AE) 2024/1217 ([8]), (AE) 2023/2455 ([9]), (AE) 2023/741 ([10]), (AE) 2024/20 ([11]) agus

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 60. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/649/oj.
([2]) IO L 63, 6.3.2003, lch. 27. ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2003/106(1)/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/149 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2023 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí beanflurailin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 20, 23.1.2023, lch. 30). http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/149/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2657 ón gCoimisiún an 6 Samhain 2023 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí beintiavalacarb i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 2023/2657, 23.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2657/oj).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2456 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2023 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí clóifeintisín i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 2023/2456, 8.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2456/oj).
([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1207 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2024 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí démheatomorf i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 2024/1207, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1207/oj).
([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1436 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí démhocsastróibin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún (IO L 176, 11.7.2023, lch. 10). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1436/oj).
([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1217 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2024 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí meapainipirim i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 2024/1217, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1217/oj).
([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2455 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2023 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí meitiream i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 2023/2455, 8.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2455/oj).
([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/741 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2023 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí ocsaimil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 98, 11.4.2023, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/741/oj).
([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/20 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí S-meatolaclór i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 2024/20, 3.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/20/oj).

(AE) 2023/2513 ([12]), chinn an Coimisiún gan formheas na substaintí beanfluarailin, beintiavalacarb, clóifeintisín, démheatomorf, démhocsastróibin, meapainipirim, meitiream, ocsaimil, S-meitileaclór agus trífhlusulfúrón-meitil, faoi seach, a athnuachan mar shubstaintí gníomhacha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]). Is é éifeacht an chinnidh sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid na substaintí sin sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh iad le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart beanfluarailin, beintiavalacarb, clóifeintisín, démheatomorf, démhocsastróibin, meapainipirim, meitiream, ocsaimil, S-meitileaclór agus trífhlusulfúrón-meitil a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/939 ([14]), chinn an Coimisiún an formheas ar an tsubstaint iopconasól mar shubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a tharraingt siar. Is é éifeacht an chinnidh sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid iopconasóil sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh é le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart iopconasól a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/425 ([15]), chinn an Coimisiún gan an tsubstaint ghníomhach sóidiam-asulam a fhormheas ós rud é gur tharraing an tionscal siar í ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid sóidiam-asulam sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh é le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe na substainte faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]), tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó an comhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart sóidiam-asulam a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(5) Tharraing an tionscal siar na substaintí gníomhacha foisfíd chailciam, clóradasón, clórsulfúrón, fluisiolasól, fúibeiríodasól, iocsainil, molanáit, ocsáidé-asón, próifeanafos, cuineoclaimín, spiriteitreamat, tralcocsaidim agus trí-aidhémheanól ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid na substaintí sin sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh iad le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe na substaintí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol iad na substaintí sin. Dá bhrí sin, ba cheart a substaintí sin a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2513 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2023 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí trífhlusulfúrón-meitil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 2023/2513, 17.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2513/oj).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/939 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2023 lena dtarraingítear siar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach iopconasól i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 571/2014 ón gCoimisiún (IO L 125, 11.5.2023, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/939/oj).

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/425 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2024 maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí sóidiam-asulam, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/425, 5.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/425/oj).

([16]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj.

(6) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach défheanacúm ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid défheanacúim san fhochatagóir 'lotnaidicídí sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí'. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe défheanacúim faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart défheanacúm a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(7) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach peanfluifein ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil srian mór ar úsáid na substainte sin ar leibhéal na catagóire 'lotnaidicídí' ós rud é, faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), nach bhformheastar úsáid peanfluifeine i dtáirgí bithicídeacha ach amháin le haghaidh chineál táirge 8 san fhochatagóir 'lotnaidicídí eile lena n-áirítear bithicídí'. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe peanfluifeine faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart peanfluifein a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(8) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach feanprópamorf ó na próisis formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht na dtarraingtí siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid feanprópamoirf sa chatagóir 'lotnaidicídí'. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe feanprópamoirf faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart feanprópamorf a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(9) Le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2023/470 ([18]) agus (AE) 2022/2005 ([19]), chinn an Coimisiún gan na substaintí d-aillitrin agus déthiaicianáit mheitiléine a fhormheas mar shubstaintí gníomhacha faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht an chinnidh sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid d-aillitrine agus déthiaicianáite meitiléine sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh na substaintí sin le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart d-aillitrin agus déthiaicianáit mheitiléine a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(10) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach beindécharb ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid beindécharb sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh é le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe na substainte faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart beindécharb a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

([17]) Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([18]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/470 ón gCoimisiún an 2 Márta 2023 gan d-Aillitrin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 68, 6.3.2023, lch. 177, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/470/oj).

([19]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2005 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2022 gan déthiaicianáit mheitiléine a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 274, 24.10.2022, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2005/oj).

(11) Le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2377 ([20]), (AE) 2023/2052 ([21]) agus (AE) 2023/2648 ([22]), chinn an Coimisiún gan na substaintí seoilít copair airgid, fosfáit siorcóiniam hidrigine sóidiam airgid agus seoilít airgid a fhormheas mar shubstaintí gníomhacha lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha dechineál táirge 4 faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht an chinnidh sin go bhfuil srian mór ar úsáid na substaintí sin sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh na substaintí sin le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart seoilít copair airgid, fosfáit siorcóiniam hidrigine sóidiam airgid agus seoilít airgid a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(12) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1424 ([23]), chinn an Coimisiún gan formheas na substainte acroiléin a athnuachan ós rud é gur tharraing an tionscal siar í ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht an chinnidh sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid acroiléine sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh an tsubstaint le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe na substainte faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart acroiléin a chur le liosta na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(13) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach abaimeictin ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid abaimeictine san fhochatagóir 'lotnaidicídí eile lena n-áirítear bithicídí'. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe abaimeictine faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart abaimeictin a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(14) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach varfairin ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid varfairine sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh é le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe varfairine faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Ós rud é go liostaítear varfairin i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I cheana ba cheart an tsubstaint a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(15) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1097 ([24]), chinn an Coimisiún gan an tsubstaint cianaimíd a fhormheas mar shubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 528/2012 agus níl cianaimíd formheasta mar shubstaint ghníomhach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1107/2009. Dá bhrí sin, tá toirmeasc ar úsáid cianaimíde sa chatagóir 'lotnaidicídí' agus ba cheart í a liostú i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Ós rud é go liostaítear cianaimíd i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I cheana ba cheart an tsubstaint a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

([20]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2377 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2023 gan seoilít copair airgid a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 4 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2377, 3.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2377/oj).

([21]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2052 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2023 gan fosfáit siorcóiniam hidrigine sóidiam airgid a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 4 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 236, 26.9.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2052/oj).

([22]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2648 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2023 gan seoilít airgid a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 4 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2648, 29.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2648/oj).

([23]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1424 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2023 gan athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 174, 7.7.2023, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1424/oj).

([24]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1097 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2023 gan ciainimíd a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 146, 6.6.2023, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1097/oj).

(16) Liostaítear na substaintí aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistear dé-heicsile, brainseach agus líneach; taláit dé-heicsile; aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistir dé-C6-10-ailcile nó dé-eistir mheasctha deicile agus heicsile agus ochtaile; sárbhóráit sóidiam, aigéad sárbhórach, salann sóidiam; agus sárocsaimeatóbóráit sóidiam in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]) ós rud é gur sainaithníodh iad roimhe sin mar shubstaintí arb údar mór imní iad. Dá thoradh sin, tá na substaintí sin faoi réir a n-údaraithe i gcomhréir le Teideal VII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Ós rud é nár deonaíodh aon údarú, tá srian mór ar na substaintí sin le haghaidh úsáid thionsclaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart a substaintí sin a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(17) Liostaítear défheinilí polaclóirínithe in Iarscríbhinn III a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam. Cumhdaítear leis an iontráil sin roinnt homalóg, comhaicmeach agus meascán. Chun an liostú i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ailíniú leis an liostú faoin gCoinbhinsiún, ba cheart an raon feidhme a oiriúnú chun na homalóga, na comhaicmigh agus na meascáin sin a chumhdach trí 'agus eile' a chur leis an uimhir CAS dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I.

(18) Ag a 11ú cruinniú a tionóladh ón 1 go dtí an 12 Bealtaine 2023, chinn Comhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Rotterdam tearbúfos a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, rud a d'fhág tearbúfos faoi réir an nós imeachta um thoiliú feasach a chur in iúl roimh ré faoin gCoinbhinsiún sin. Dá bhrí sin, ba cheart tearbúfos a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Ós rud é go liostaítear tearbúfos i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I cheana ba cheart tearbúfos a bhaint den liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(19) Ag an 10ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ('Coinbhinsiún Stócólm') a tionóladh an 6 go dtí an 17 Meitheamh 2022, chinn sí an tsubstaint aigéad sulfónach sárfhluaraiheacsáin (PFHxS), a shalainn agus a chomhdhúile PFHxS-ghaolmhara a áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Dá réir sin, rinneadh an tsubstaint sin a liostú i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]) agus ba cheart, dá bhrí sin, é a chur le liosta na gceimiceán i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(20) Ba cheart an iontráil maidir le hionsulfán a áiritear i liosta na gceimiceán a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a leasú trí aitheantóirí uimhriúla breise a chur léi chun an raon feidhme a shoiléiriú chun í a ailíniú le Rialachán (AE) 2019/1021.

(21) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 a leasú dá réir.

(22) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach a thabhairt do pháirtithe leasmhara chun na bearta is gá a dhéanamh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus do na Ballstáit chun na bearta is gá a dhéanamh chun é a chur chun feidhme,

([25]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj.

([26]) Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Márta 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 mar a leanas:

(1) i gCuid 1, sa tábla, cuirtear na hiontrálacha a leanas léi:

| An ceimiceán | Uimh. CAS | Uimh. CE | Cód AC (***) | Fochatagóir (*) | Teorainn ar úsáid (**) | Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 'Aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistear déheicsile, brainseach agus líneach (+) | 68515-50-4 | 271-093-5 | ex 2917 34 00 | i(1)-i(2) | sr-b | |
| aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistir dé-C6-10-ailcile nó dé-eistir mheasctha deicile agus heicsile agus ochtaile (+) | 68648-93-1<br>68515-51-5 | 272-013-1<br>271-094-0 | ex 3824 99 92 | i(1)-i(2) | sr-b | |
| Abaimeictin | 71751-41-2 | | ex 3808 99 90 | p(2) | b | |
| Acroiléin (+) | 107-02-8 | 203-453-4 | ex 2912 19 00 | p(2) | b | |
| Sóidiam-asulam (+) | 2302-17-2 | 218-953-8 | ex 2935 90 90 | p(1) | b | |
| Beindécharb (+) | 22781-23-3 | 245-216-8 | ex 2932 99 00 | p(2) | b | |
| Beanfluarailin (+) | 1861-40-1 | 217-465-2 | ex 2921 43 00 | p(1) | b | |
| Beintiavalacarb (+) | 413615-35-7<br>177406-68-7 | | ex 2934 20 80 | p(1) | b | |
| Foisfíd chailciam (+) | 1305-99-3 | 215-142-0 | ex 2853 90 90 | p(1) | b | |
| Clóradasón (+) | 1698-60-8 | 216-920-2 | ex 2933 99 80 | p(1) | b | |
| Clórsulfúrón (+) | 64902-72-3 | 265-268-5 | ex 2935 90 90 | p(1) | b | |
| Clóifeintisín (+) | 74115-24-5 | 277-728-2 | ex 2933 99 80 | p(1) | b | |
| d-Aillitrin (+) | 231937-89 -6 | | ex 2916 20 00 | p(2) | b | |
| Défheanacúm | 56073-07-5 | 259-978-4 | ex 2932 20 90 | p(1) | b | |
| Taláit dé-heicsile (+) | 84-75-3 | 201-559-5 | ex 2917 34 00 | i(1)-i(2) | sr-b | |
| Démheatomorf (+) | 110488-70-5 | 404-200-2 | ex 2934 99 90 | p(1) | b | |
| Démhocsastróibin (+) | 149961-52-4 | | ex 2928 00 90 | p(1) | b | |
| Feanprópamorf (+) | 67564-91-4 | 266-719-9 | ex 2934 99 90 | p(1)-p(2) | b-b | |
| Fluisiolasól (+) | 85509-19-9 | | ex 2933 99 80 | p(1) | b | |
| Fúibeiríodasól (+) | 3878-19-1 | 223-404-0 | ex 2934 99 90 | p(1) | b | |

IO L, 31.12.2024
GA
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3199/oj

| An ceimiceán | Uimh. CAS | Uimh. CE | Cód AC (***) | Fochatagóir (*) | Teorainn ar úsáid (**) | Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iocsainil (+) | 1689-83-4<br>3861-47-0 | 216-881-1<br>223-375-4 | ex 2926 90 70 | p(1) | b | |
| Iopconasól (+) | 125225-28-7<br>115850-69 -6<br>115937-89-8 | | ex 2933 99 80 | p(1) | b | |
| Meapainipirim (+) | 110235-47-7 | 432-140-7 | ex 2933 59 95 | p(1) | b | |
| Déthiaicianáit mheitiléine (+) | 6317-18 -6 | 228-652-3 | ex 2930 90 98 | p(2) | b | |
| Meitiream (+) | 9006-42-2 | | ex 3808 92 30 | p(1) | b | |
| Molanáit (+) | 2212-67-1 | 218-661-0 | ex 2933 99 80 | p(1) | b | |
| Ocsáidé-asón (+) | 19666-30-9 | 243-215-7 | ex 2934 99 90 | p(1) | b | |
| Ocsaimil (+) | 23135-22-0 | 245-445-3 | ex 2930 90 98 | p(1) | b | |
| Peanfluifein (+) | 494793-67-8 | | ex 2933 19 90 | p(1) | b | |
| Próifeanafos (+) | 41198-08-7 | 255-255-2 | ex 2930 90 98 | p(1) | b | |
| Cuineoclaimín (+) | 2797-51-5 | 220-529-2 | ex 2922 39 00 | p(1) | b | |
| Seoilít copair airgid (+) | 130328-19-7 | | ex 2843 29 00 | p(2) | b | |
| Fosfáit siorcóiniam hidrigine sóidiam airgid (+) | 265647-11-8 | 422-570-3 | ex 2843 29 00 | p(2) | b | |
| Seoilít airgid (+) | 130328-18 -6 | | ex 2843 29 00 | p(2) | b | |
| S-meitileaclór (+) | 87392-12-9 | | ex 2924 29 70 | p(1) | b | |
| Sárbhóráit sóidiam, aigéad sárbhórach, salann sóidiam (+) | 15120-21-5<br>10332-33-9<br>10486-00-7<br>13517-20-9<br>90568-23-3<br>11138-47-9<br>125022-34 -6<br>37244-98-7<br>agus eile | 239-172-9<br>234-390-0<br>agus eile | ex 2840 30 00 | i(1)-i(2) | sr-b | |
| Sárocsaimeiteabóráit sóidiam (+) | 7632-04-4 | 231-556-4 | ex 2840 30 00 | i(1)-i(2) | sr-b | |

| An ceimiceán | Uimh. CAS | Uimh. CE | Cód AC (***) | Fochatagóir (*) | Teorainn ar úsáid (**) | Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Spiriteitreamat (+) | 203313-25-1 | | ex 2933 79 00 | p(1) | b | |
| Tralcocsaidim (+) | 87820-88-0 | | ex 2928 00 90 | p(1) | b | |
| Trí-aidhémheanól (+) | 55219-65-3 | 259-537 -6 | ex 2933 99 80 | p(1) | b | |
| Trífhlusufúrón-meitil (+) | 126535-15-7 | | ex 2935 90 90 | p(1) | b’; | |

(2) i gCuid 1, sa tábla, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann le cianaimíd, tearbúfos agus varfairin:

| An ceimiceán | Uimh. CAS | Uimh. CE | Cód AC (***) | Fochatagóir (*) | Teorainn ar úsáid (**) | Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘Cianaimíd (+) | 420-04-2 | 206-992-3 | ex 2853 90 90 | p(1)-p(2) | b-b | |
| Tearbúfos (#) | 13071-79-9 | 235-963-8 | ex 2930 90 98 | p(1) | b | |
| Varfairin (+) | 81-81-2 | 201-377 -6 | ex 2932 20 90 | p(1)-p(2) | b-b’; | |

(3) i gCuid 2, sa tábla, cuirtear na hiontrálacha a leanas léi:

| An ceimiceán | Uimh. CAS | Uimh. CE | Cód AC (***) | Catagóir (*) | Teorainn ar úsáid (**) |
|---|---|---|---|---|---|
| ‘Aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistear déheicsile, brainseach agus líneach | 68515-50-4 | 271-093-5 | ex 2917 34 00 | i | sr |
| Aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistir dé-C6-10-ailcile nó dé-eistir mheasctha deicile agus heicsile agus ochtaile | 68648-93-1<br>68515-51-5 | 272-013-1<br>271-094-0 | ex 3824 99 92 | i | sr |
| Acroiléin | 107-02-8 | 203-453-4 | ex 2912 19 00 | p | b |
| Sóidiam-asulam | 2302-17-2 | 218-953-8 | ex 2935 90 90 | p | b |
| Beindécharb | 22781-23-3 | 245-216-8 | ex 2932 99 00 | p | b |
| Beanfluarailin | 1861-40-1 | 217-465-2 | ex 2921 43 00 | p | b |
| Beintiavalacarb | 413615-35-7<br>177406-68-7 | | ex 2934 20 80 | p | b |
| Foisfíd chailciam | 1305-99-3 | 215-142-0 | ex 2853 90 90 | p | b |
| Clóradasón | 1698-60-8 | 216-920-2 | ex 2933 99 80 | p | b |
| Clórsulfúrón | 64902-72-3 | 265-268-5 | ex 2935 90 90 | p | b |

| An ceimiceán | Uimh. CAS | Uimh. CE | Cód AC (***) | Catagóir (*) | Teorainn ar úsáid (**) |
|---|---|---|---|---|---|
| Clóifeintisín | 74115-24-5 | 277-728-2 | ex 2933 99 80 | p | b |
| Cianaimíd | 420-04-2 | 206-992-3 | ex 2853 90 90 | p | b |
| d-Aillitrin | 231937-89 -6 | | ex 2916 20 00 | p | b |
| Taláit dé-heicsile | 84-75-3 | 201-559-5 | ex 2917 34 00 | i | sr |
| Démheatamorf | 110488-70-5 | 404-200-2 | ex 2934 99 90 | p | b |
| Démhocsastróibin | 149961-52-4 | | ex 2928 00 90 | p | b |
| Feanprópamorf | 67564-91-4 | 266-719-9 | ex 2934 99 90 | p | b |
| Fluisiolasól | 85509-19-9 | | ex 2933 99 80 | p | b |
| Fúibeiríodasól | 3878-19-1 | 223-404-0 | ex 2934 99 90 | p | b |
| Iocsainil | 1689-83-4<br>3861-47-0 | 216-881-1<br>223-375-4 | ex 2926 90 70 | p | b |
| Iopconasól | 125225-28-7<br>115850-69 -6<br>115937-89-8 | | ex 2933 99 80 | p | b |
| Meapainipirim | 110235-47-7 | 432-140-7 | ex 2933 59 95 | p | b |
| Déthiaicianáit mheitiléine | 6317-18 -6 | 228-652-3 | ex 2930 90 98 | p | b |
| Meitiream | 9006-42-2 | | ex 3808 92 30 | p | b |
| Molanáit | 2212-67-1 | 218-661-0 | ex 2933 99 80 | p | b |
| Ocsáidé-asón | 19666-30-9 | 243-215-7 | ex 2934 99 90 | p | b |
| Ocsaimil | 23135-22-0 | 245-445-3 | ex 2930 90 98 | p | b |
| Peanfluifein | 494793-67-8 | | ex 2933 19 90 | p | sr |
| Próifeanafos | 41198-08-7 | 255-255-2 | ex 2930 90 98 | p | b |
| Cuineoclaimín | 2797-51-5 | 220-529-2 | ex 2922 39 00 | p | b |
| Seoilít copair airgid | 130328-19-7 | | ex 2843 29 00 | p | b |
| Fosfáit siorcóiniam hidrigine sóidiam airgid | 265647-11-8 | 422-570-3 | ex 2843 29 00 | p | b |
| Seoilít airgid | 130328-18 -6 | | ex 2843 29 00 | p | b |
| S-meitileaclór | 87392-12-9 | | ex 2924 29 70 | p | b |

| An ceimiceán | Uimh. CAS | Uimh. CE | Cód AC (***) | Catagóir (*) | Teorainn ar úsáid (**) |
|---|---|---|---|---|---|
| Sárbhóráit sóidiam, aigéad sárbhórach, salann sóidiam | 15120-21-5<br>10332-33-9<br>10486-00-7<br>13517-20-9<br>90568-23-3<br>11138-47-9<br>125022-34 -6<br>37244-98-7<br>agus eile | 239-172-9<br>234-390-0<br>agus eile | ex 2840 30 00 | i | sr |
| Sárocsaimeiteabóráit sóidiam | 7632-04-4 | 231-556-4 | ex 2840 30 00 | i | sr |
| Spiriteitreamat | 203313-25-1 | | ex 2933 79 00 | p | b |
| Tralcocsaidim | 87820-88-0 | | ex 2928 00 90 | p | b |
| Trí-aidhémheanól | 55219-65-3 | 259-537 -6 | ex 2933 99 80 | p | b |
| Trífhlusufúrón-meitil | 126535-15-7 | | ex 2935 90 90 | p | b |
| Varfairin | 81-81-2 | 201-377 -6 | ex 2932 20 90 | p | b’; |

(4) i gCuid 2, sa tábla, scriostar an iontráil seo a leanas:

| An ceimiceán | Uimh. CAS | Uimh. CE | Cód AC (***) | Catagóir (*) | Teorainn ar úsáid (**) |
|---|---|---|---|---|---|
| ‘Tearbúfos | 13071-79-9 | 235-963-8 | ex 2930 90 98 | p | b’; |

(5) i gCuid 3, sa tábla, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| An ceimiceán | Uimhir nó uimhreacha CAS ábhartha | Cód HS Substaint íon (**) | Cód HS Meascáin ina bhfuil substaint (**) | Catagóir |
|---|---|---|---|---|
| ‘Tearbúfos | 13071-79-9 | 2930.90 | ex 3808.59 | Lotnaidicíd’. |

(6) i gCuid 3, sa tábla, cuirtear an iontráil seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le défheinilí pholaclóirínithe:

| An ceimiceán | Uimhir nó uimhreacha CAS ábhartha | Cód HS Substaint íon (**) | Cód HS Meascáin ina bhfuil substaint (**) | Catagóir |
|---|---|---|---|---|
| ‘Défheinilí polaclóirínithe (PCB) (*) | 1336-36-3 agus eile | ex 2903.99 | ex 3824.82 | Den chineál tionsclaíoch’ |

*IARSCRÍBHINN II*

In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, leasaítear tábla Chuid 1 mar a leanas:

(1) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| Cur síos ar cheimiceáin/earraíatá faoi réir toirmeasc onnmhairíochta | Sonraí breise, i gcás inarb ábhartha (e.g. ainm an cheimiceáin, Uimh. CE, Uimh. CAS etc.) | |
|---|---|---|
| | 'Aigéad sulfónach sárfhluaraiheacsáin (PFHxS), a shalainn agus a chomhdhúile PFHxS-ghaolmhara | Uimh. EC 206-587-1 agus eile<br>Uimh. CAS 355-46-4 agus eile<br>Cód AC 2904 99 00 agus eile'. |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hionsulfán:

| Cur síos ar cheimiceáin/earraíatá faoi réir toirmeasc onnmhairíochta | Sonraí breise, i gcás inarb ábhartha (e.g. ainm an cheimiceáin, Uimh. CE, Uimh. CAS etc.) | |
|---|---|---|
| | 'Ionsulfán | Uimh. CE 204-079-4<br>Uimh. CAS 115-29-7, 959-98-8, 33213-65-9<br>Cód AC ex 2920 30 00'. |